RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1475 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meán Fómhair 2022

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 133 agus Airteagal 143(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos creat dlíthiúil nua maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbaintear cuspóirí an Aontais amach leis, ar cuspóirí iad a leagtar amach sa Chonradh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh cuspóirí sin an Aontais lena mbaint amach ag an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus solúbthacht á fágáil faoi na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le tabhairt ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

(2) Le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115, déantar foráil go mbunófar creat feidhmíochta chun gur féidir tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na Pleananna Straitéiseacha CBT.

(3) Mar chuid den chreat feidhmíochta, de bhun Airteagal 140 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní mór do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar a bPleananna Straitéiseacha CBT le linn a gcur chun feidhme agus *ex post* agus plean meastóireachta a tharraingt suas. Chun na críche sin, ní mór rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le meastóireacht a dhéanamh ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus maidir lena bhfuil sna pleananna meastóireachta. Ina theannta sin, ba cheart tacaíocht theicniúil a thabhairt do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara ábhartha.

(4) De bhun Airteagal 124(3), pointe (d) agus Airteagal 124(4), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, scrúdóidh an coiste faireacháin an dul chun cinn atá déanta maidir le meastóireachtaí a dhéanamh, sintéisí meastóireachtaí agus aon obair leantach a thagann as na torthaí mar go bhfuil sé chun a thuairim a thabhairt maidir leis an bplean meastóireachta agus maidir leis na leasuithe air. An fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí agus torthaí meastóireachta, lena n-áirítear torthaí an scrúdaithe ar an gcoiste faireacháin, is iomchuí a bhunú go roinneann na Ballstáit í leis an gCoimisiún, ós rud é sé go bhfuil sé riachtanach an fhaisnéis sin a chur in iúl chun a chumasú don Choimisiún faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT dá dtagraítear in Airteagal 141 den Rialachán sin.

(5) De bhun Airteagal 131 agus Airteagal 140(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí ar fáil chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh. Chuige sin, is gá roinnt rialacha comhchoiteanna a leagan síos.

(6) De bhun Airteagal 143 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis atá ar fáil a thabhairt don Choimisiún chun é a chur ar a chumas dó faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT. Go háirithe, cuirfidh an fhaisnéis sin ar chumas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme caighdeán maidir le dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeáin GEC) mar a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin, ar chur chun feidhme idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

III, Caibidil III, den Rialachán sin, agus Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAGanna) agus a ngníomhaíochtaí do LEADER mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15), den Rialachán sin. Ina theannta sin, cuirfidh sé ar chumas an Choimisiúin meastóireachtaí a dhéanamh ar na Pleananna Straitéiseacha CBT. I dtaca le sonraí faoin gComhpháirtíocht Eorpach Nuálaíocht um tháirgiúlacht agus inbhuanaitheacht talmhaíochta (CEN) dá dtagraítear in Airteagal 127(3) den Rialachán sin, feabhsóidh an fhaisnéis a bhaileofar líonrú idir tionscnóirí tionscadal agus scaipeadh na dtorthaí. Chun na críche sin, is gá rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le seoladh ag na Ballstáit.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115. Ba cheart na rialacha sin a chur san áireamh chun sonraí imdhealaithe a thuairisciú de réir idirghabhála dá dtagraítear sa Rialachán seo.

(8) Ós rud é gur gá do na Ballstáit rialacha a bheith acu maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le seoladh chuig an gCoimisiún chun na huirlisí TF iomchuí a fhorbairt agus na córais bailithe sonraí a bhunú sula gcuirfear tús le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT an 1 Eanáir 2023, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

MEASTÓIREACHT AR PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT

Airteagal 1

Meastóireacht ar na critéir mheastóireachta

1. Le linn do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar a bPleananna Straitéiseacha CBT, saineoidh siad ceisteanna meastóireachta agus tosca ratha chun measúnú a dhéanamh ar na critéir mheastóireachta maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 140(1) de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. Agus measúnú á dhéanamh ag na Ballstáit ar éifeachtacht a bPleananna Straitéiseacha CBT, úsáidfidh siad na príomheilimintí meastóireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le loighic idirghabhála na bPleananna Straitéiseacha CBT agus, i gcás inarb ábhartha dá bPleananna Straitéiseacha CBT, na tosca molta ratha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

3. Agus meastóireacht á déanamh ag na Ballstáit ar éifeachtúlacht a bPleananna Straitéiseacha CBT, déanfaidh siad anailís ar cé acu a baineadh amach éifeachtaí nó tairbhí na bPleananna Straitéiseacha CBT ar chostas réasúnta nó nár baineadh agus déanfaidh siad measúnú ar shimpliú i gcás na dtairbhithe agus i gcás an riaracháin araon, agus béim ar leith á leagan ar chostais riaracháin agus ar úsáid uirlisí digiteacha agus satailítí.

Airteagal 2

Meastóireachtaí ar Phleananna Straitéiseacha CBT le linn na tréimhse cur chun feidhme

Déanfaidh na Ballstáit na meastóireachtaí ar a bPleananna Straitéiseacha CBT le linn na tréimhse cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 140(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 mar seo a leanas:

([2]) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 486).

(a) Pleanálfaidh na Ballstáit na meastóireachtaí ar na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115 a dtugtar aghaidh orthu ina bPleananna Straitéiseacha CBT, i gcomhréir le loighic idirghabhála an Phlean Straitéisigh CBT, de réir an chuspóra nó trí mheastóireachtaí cuimsitheacha ina gcumhdaítear roinnt cuspóirí, nó tabharfaidh siad bonn cirt leis an bhfáth nach ndearnadh meastóireacht ar chuspóir sonrach le linn na tréimhse cur chun feidhme;

(b) Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a bPleananna Straitéiseacha CBT agus úsáid á baint acu as na critéir mheastóireachta ábhartha agus déanfaidh siad measúnú ar thionchair a bPleananna Straitéiseacha CBT agus raon feidhme, cineál agus glacadh idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT á gcur san áireamh;

(c) i gcás inarb ábhartha, cuirfidh na Ballstáit raon feidhme críochach na n-idirghabhálacha san áireamh, go háirithe i gcás na n-idirghabhálacha sin nach gcuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ach ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil;

(d) i gcás inarb ábhartha, ar bhonn riachtanais mheastóireachta na mBallstát agus loighic idirghabhála an Phlean Straitéisigh CBT agus a chur chun feidhme á gcur san áireamh, déanfaidh na Ballstáit measúnú freisin ar idirghabhálacha sonracha nó ar ábhair a bhaineann leis na Pleananna Straitéiseacha CBT, amhail an ailtireacht chomhshaoil agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 109(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, breisluach LEADER mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15), den Rialachán sin, líonraí CBT dá dtagraítear in Airteagal 126 den Rialachán sin nó an Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), den Rialachán sin;

(e) Déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí in am ionas go mbeidh siad in ann tréimhse an Phlean Straitéisigh CBT ina dhiaidh sin a ullmhú. I gcás inarb ábhartha, úsáidfidh na Ballstáit sonraí na clárthréimhse roimhe sin freisin.

Airteagal 3

Meastóireachtaí *ex post* ar phleananna straitéiseacha CBT

1. Sna meastóireachtaí *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 140(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh measúnú cuimsitheach ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus ar a gcur chun feidhme.

2. Sna meastóireachtaí *ex post* beidh measúnú ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a gcur chun feidhme ar bhonn gach ceann de na critéir mheastóireachta maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach an Aontais chomh maith leis an tionchar dá dtagraítear in Airteagal 140(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 i ndáil le rannchuidiú an Phlean Straitéisigh CBT leis na cuspóirí ginearálta a bhaint amach, cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán sin, agus na cuspóirí sonracha sin a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán sin agus ar a dtugtar aghaidh sa Phlean Straitéiseach CBT.

3. Tar éis dóibh an mheastóireacht *ex post* a chríochnú, cuirfidh na Ballstáit torthaí na meastóireachta faoi bhráid an Choimisiúin.

Airteagal 4

Plean meastóireachta

1. Dréachtóidh na Ballstáit plean meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 140(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 i gcomhréir le loighic idirghabhála an Phlean Straitéisigh CBT. Leis an bplean meastóireachta comhlíonfar na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Sa phlean meastóireachta, sainaithneoidh na Ballstáit páirtithe leasmhara ábhartha a bheidh le cur san áireamh agus gníomhaíochtaí meastóireachta agus forbartha acmhainní á bpleanáil. I gcás inarb ábhartha, sainaithneoidh na Ballstáit páirtithe leasmhara seachas comhaltaí an choiste faireacháin.

Airteagal 5

Gníomhaíochtaí agus torthaí meastóireachta a thuairisciú

Roinnfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le gníomhaíochtaí agus torthaí meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 124(3), pointe (d) agus Airteagal 124(4), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/2115 leis an gCoimisiún Eorpach tar éis don choiste faireacháin scrúdú a dhéanamh, lena n-áirítear toradh an scrúdaithe sin, tráth nach déanaí ná 2 mhí roimh an gcruinniú bliantúil athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 136 den Rialachán sin.

Airteagal 6

Measúnú ar rannchuidiú na bPleananna Straitéiseacha CBT

1. Beidh meastóireachtaí ar Phleananna Straitéiseacha CBT bunaithe ar na comhthráscairí ábhartha maidir le haschur, toradh, tionchar agus comhthéacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115. Déanfaidh na Ballstáit anailís ar éifeachtaí na bPleananna Straitéiseacha CBT ar chuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán sin.

2. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as táscairí sonracha seachas iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ina gcuid meastóireachtaí nó féadfaidh siad úsáid a bhaint as aon fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil ábhartha eile chun teacht ar chonclúidí ábhartha maidir le tionchar na bPleananna Straitéiseacha CBT.

3. I gcás ina sloinntear comhthráscairí toraidh i dtéarmaí sciar nó roinnt aonad ábhartha atá faoi réir idirghabhálacha áirithe, déanfaidh na Ballstáit meastachán ar thorthaí na bPleananna Straitéiseacha CBT agus éifeachtaí féideartha na n-idirghabhálacha sin á n-úsáid acu.

4. Agus measúnú á dhéanamh ar idirghabháil nach bhfuil nasctha le haon táscaire toraidh i gcomhréir lehAirteagal 111, an dara mír, de Rialachán (AE) 2021/2115, soláthróidh na Ballstáit measúnú fónta ar an idirghabháil sin ar bhonn na faisnéise is ábhartha faoi thorthaí na hidirghabhála agus a héifeachtaí maidir leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán sin.

5. Bunóidh na Ballstáit a measúnú ar rannchuidiú na bPleananna Straitéiseacha CBT ar fhorbairt na dtáscairí tionchair a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115. Déanfaidh na Ballstáit cainníochtú ar rannchuidiú na bPleananna Straitéiseacha CBT leis na forbairtí sin le haghaidh na gcomhthráscairí tionchair a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ar a laghad.

Airteagal 7

Sonraí agus tacaíocht theicniúil le haghaidh meastóireachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sonraí ar fáil do mheastóirí chun na hoibleagáidí faireacháin agus meastóireachta a bhaineann leo a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh na Ballstáit na socruithe is gá le haonaid staidrimh náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, le haonaid réigiúnacha staidrimh, le lárionaid taighde, le gnóthais agus le soláthraithe sonraí chun a áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil. Sna socruithe sin cuirfear san áireamh an raon feidhme críochach is ábhartha do na meastóireachtaí agus áireofar iontu úsáid staidrimh na sonraí ó chláir riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 143(3) de Rialachán (AE) 2021/2115.

3. Sainaithneoidh na Ballstáit na riachtanais maidir le tacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara agus do na riaracháin a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT agus le meastóireacht orthu ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear na LAGanna dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus acmhainneacht éagsúil na n-institiúidí agus na bpáirtithe leasmhara ó thaobh faireacháin agus meastóireachta de á gcur san áireamh.

([3]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

4. Ar bhonn na riachtanas a shainaithneofar, cuirfidh na Ballstáit gníomhaíochtaí tacaíochta ar bun, lena n-áirítear oiliúint, treoirlínte agus aon ghníomhaíocht ábhartha eile a fhorbróidh acmhainní, a bheidh le cur chun feidhme ag an líonra nó ag na líonraí náisiúnta CBT dá dtagraítear in Airteagal 126(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 nó i gcomhar leo.

5. Bunóidh an Coimisiún clár oibre bliantúil le húdaráis inniúla na mBallstát, meastóirí agus páirtithe leasmhara eile, ar bhonn a riachtanas tacaíochta, a bheidh le cur chun feidhme ag an líonra Eorpach CBT dá dtagraítear in Airteagal 126(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 nó i gcomhar leis.

TEIDEAL II

SONRAÍ MAIDIR LE FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT

Airteagal 8

Raon feidhme na sonraí atá le tabhairt ag na Ballstáit

I gcomhréir le hAirteagail 9 go 18, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis seo a leanas, faisnéis is gá chun a chur ar a chumas faireachán agus measóireacht a dhéanamh ar CBT:

(a) sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha agus faoi thairbhithe;

(b) cóimheas na bhféarthailte buana a bhunaítear gach bliain de bhun Airteagal 48(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ([4]);

(c) sonraí faoi idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115;

(d) sonraí faoi ghrúpaí oibríochtúla CEN, dá dtagraítear in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(e) sonraí faoi LAGanna agus a ngníomhaíochtaí le haghaidh LEADER mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 9

Sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha

1. Leis na sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (a) den Rialachán seo, cumhdófar gach idirghabháil i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-áirítear an íocaíocht bharrshonrach do chadás dá dtagraítear sa Chaibidil sin, Roinn 3, Foroinn 2, agus gach idirghabháil le haghaidh forbairt tuaithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den Rialachán sin, cé is moite d'idirghabhálacha LEADER dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (e), den Rialachán seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí imdhealaithe dá dtagraítear i mír 1 in aghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta a thuairisciú de réir méid aonaid, i gcás gach iarratas ar chabhair nó gach éileamh íocaíocht de chuid gach tairbhí. Déanfar na hidirbhearta go léir a dhéanfar le linn na bliana airgeadais talmhaíochta a achoimriú.

3. Leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hinneachar na sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha in Iarscríbhinn IV, pointí 1, 2 agus 3.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).

Airteagal 10

Sonraí imdhealaithe faoi thairbhithe

1. Sna sonraí imdhealaithe faoi thairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (a) den Rialachán seo, áireofar faisnéis faoi fheirmeoirí de réir bhrí Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus tairbhithe de réir bhrí Airteagal 3, pointe (13) den Rialachán sin a fhaigheann tacaíocht faoi idirghabhálacha a chumhdaítear leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) (an "córas comhtháite").

2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí imdhealaithe faoi thairbhithe in aghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta a thuairisciú.

3. Leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hinneachar na sonraí imdhealaithe faoi thairbhithe in Iarscríbhinn IV, pointe 4.

Airteagal 11

Cóimheas na bhféarthailte buana

Tabharfar fógra faoi chóimheas na bhféarthailte buana dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (b) den Rialachán seo ar an leibhéal a bhunóidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 48(2), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126.

Airteagal 12

Sonraí faoi idirghabhálacha in earnálacha áirithe

1. Sna sonraí faoi idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (c), den Rialachán seo, áireofar sonraí faoi idirghabhálacha sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. In Iarscríbhinn V leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hinneachar na sonraí faoi idirghabhálacha sna hearnálacha sin.

Airteagal 13

Sonraí faoi ghrúpaí oibríochtúla CEN

1. Sna sonraí faoi ghrúpaí oibríochtúla CEN dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (d), den Rialachán seo, áireofar faisnéis faoi thograí grúpaí oibríochtúla CEN dá dtagraítear in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. In Iarscríbhinn VI leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hinneachar na sonraí faoi ghrúpaí oibríochtúla CEN.

Airteagal 14

Sonraí faoi LAGanna agus a ngníomhaíochtaí maidir le LEADER

1. Sna sonraí faoi LAGanna agus a ngníomhaíochtaí maidir le LEADER dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (e), den Rialachán seo, áireofar faisnéis faoi idirghabhálacha a chuirtear chun feidhme ar bhonn Airteagal 77(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. In Iarscríbhinn VII leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hinneachar na sonraí faoi LAGanna agus a ngníomhaíochtaí maidir le LEADER.

([5]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

Airteagal 15

Dáta agus minicíocht tarchuir sonraí

1. Ón mbliain tuairiscithe 2025 ar aghaidh, tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha agus faoi thairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (a), gach bliain faoin 30 Aibreán de bhliain N maidir le hidirghabhálacha a ndearnadh íocaíochtaí ina leith sa bhliain airgeadais talmhaíochta N-1.

In 2024, féadfaidh na Ballstáit na sonraí imdhealaithe maidir le hidirghabhálacha a thuairisciú faoin 30 Samhain 2024 maidir le hidirghabhálacha a íocfar sa bhliain airgeadais talmhaíochta 2023. Mura dtuairisceoidh na Ballstáit na sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha in 2024, tuairisceoidh siad iad in 2025 i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, tuairisceofar na sonraí faoi thairbhithe a bhaineann leis an limistéar a dhearbhófar agus leis an talamh atá i ndálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil, i mbliain N, i ndáil le hidirghabhálacha ar éilíodh íocaíochtaí ina leith i mbliain féilire N-2.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit cóimheas na bhféarthailte buana dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (b), ar bhonn bliantúil faoin 15 Márta de bhliain N i ndáil leis an limistéar a dhearbhófar i mbliain féilire N-1. Is é 2024 an chéad bhliain a thuairisceofar.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí faoi idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (c), ar bhonn bliantúil faoi na dátaí seo a leanas:

(a) 15 Meitheamh i mbliain N maidir le sonraí bhliain féilire N-1 dá dtagraítear i bpointí 1, 2(a) agus (c), agus i bpointí 3 go 7 d'Iarscríbhinn V;

(b) 31 Eanáir i mbliain N maidir le sonraí bhliain féilire N dá dtagraítear i bpointe 2(b) d'Iarscríbhinn V;

(c) 15 Meitheamh i mbliain N maidir le sonraí bhliain airgeadais N-1 dá dtagraítear i bpointí 8 go 10 d'Iarscríbhinn V;

2023 i gcás na sonraí dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2(b) d'Iarscríbhinn V, 2024 i gcás na sonraí dá dtagraítear i bpointí 2(a) agus (c), agus 3 go 7 den Iarscríbhinn sin agus 2025 i gcás na sonraí dá dtagraítear i bpointí 8 go 10 den Iarscríbhinn sin a bheidh sa chéad bhliain tuairiscithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír den mhír seo, i gcás earnáil na beachaireachta, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i bpointí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn V gach 2 bhliain;

(b) cumhdóidh na sonraí dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn V an bhliain féilire roimh an mbliain tuairiscithe;

(c) cumhdóidh na sonraí dá dtagraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn V an 2 bhliain féilire roimh an mbliain tuairiscithe;

(d) is í 2023 an chéad bhliain tuairiscithe i gcás na sonraí dá dtagraítear i bpointí 4, 5 agus 6 d'Iarscríbhinn V agus is í an bhliain 2024 i gcás pointe 9 den Iarscríbhinn sin. In 2023, féadfar na sonraí dá dtagraítear i bpointí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn V a thuairisciú faoin 15 Meán Fómhair.

4. Tuairisceoidh na Ballstáit sonraí maidir le grúpaí oibríochtúla CEN dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (d), a luaithe a fhormheasfar an tionscadal grúpa oibríochtúil, ó 2023 ar aghaidh.

5. Tuairisceoidh na Ballstáit sonraí maidir le LAGanna agus a ngníomhaíochtaí maidir le LEADER dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (e), mar seo a leanas:

(a) faoin 30 Aibreán 2026 i ndáil le hoibríochtaí a íocadh sna blianta airgeadais ó 2023 go 2025, go carnach; agus

(b) faoin 30 Aibreán 2030 i ndáil le hoibríochtaí a íocadh sa blianta airgeadais ó 2023 go 2029, go carnach;

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, tuairisceofar sonraí a bhaineann le hathróga LAG a leagtar amach in Iarscríbhinn VII, pointe 1, faoin 30 Aibreán de bhliain N i gcás na LAGanna a roghnaíodh faoin 31 Nollaig de bhliain N-1.

Airteagal 16

Sonraí a aistriú

1. Aistreofar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (d) agus (e) d'Airteagal 8 chuig an gCoimisiún trí bhíthin an chórais leictreonaigh chun faisnéis a mhalartú ar bhealach slán ar a dtugtar "SFC2021", a leagtar amach freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát ina leith in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún ([6]).

Aistreofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (c) chuig an gCoimisiún trí bhíthin an chórais atá bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([7]).

2. I gcás sonraí imdhealaithe maidir le hidirghabhálacha agus le tairbhithe atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointe (a), den Rialachán seo, is í an ghníomhaireacht íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/2116 nó, i gcás inar mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin atá creidiúnaithe i mBallstát, is é an comhlacht comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin, a aistreoidh na sonraí chuig an gCoimisiún.

3. Maidir leis an gcóimheas le féarthailte buana, is í an ghníomhaireacht íocaíochta nó an comhlacht comhordaithe a aistreoidh na sonraí atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointe (b).

4. I gcás sonraí faoi idirghabhálacha in earnálacha áirithe atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointe (c), sonraí faoi ghrúpaí oibríochtúla CEN atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointe (d), agus sonraí faoi LAGanna agus a ngníomhaíochtaí maidir le LEADER atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointe (e), féadfaidh na Ballstáit nó aon eintiteas nó eintitis a údaróidh na Ballstáit na sonraí a aistriú.

Airteagal 17

Sonraí arna gcomhlánú go cuí

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na sonraí maidir le faireachán agus meastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 8 iomlán agus féin-chomhsheasmhach, agus go ndéanfar a bhfuil iontu a thaifeadadh agus a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinní IV go VII. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit seiceálacha ar ríomhaire.

Airteagal 18

Seiceálacha sonraí agus sonraí a cheartú

1. Beidh na Ballstáit freagrach as ceartú a dhéanamh ar earráidí cléireachais nó ar earráidí follasacha nó ar earráidí ar de chineál eagarthóireachta amháin iad dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. I gcás ina dtíolacfar sonraí earráideacha nó i gcás ina dtarlaíonn fadhb le haistriú na sonraí, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach agus ceartóidh siad na sonraí.

3. Gan dochar do na seiceálacha a dhéanfaidh na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a dhéanamh d'fhonn a fhíorú ar sholáthair na Ballstáit sonraí atá comhlánaithe go cuí agus atá féin-chomhsheasmhach. I gcás sonraí earráideacha a chur isteach, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit na sonraí a thabharfar a cheartú.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

Airteagal 19

Úsáid sonraí

Ní sceithfidh ná ní úsáidfidh an Coimisiún na sonraí pearsanta a gheofar de bhun an Rialacháin seo chun críocha eile seachas chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhthéacs an chreata feidhmíochta de bhun Theideal VII, Caibidil I, de Rialachán (AE) 2021/2115, agus seachas chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT de bhun Airteagal 143 de Rialachán (AE) 2021/2115.

TEIDEAL III

FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

NA PRÍOMHEILIMINTÍ MEASTÓIREACHTA AGUS NA TOSCA MOLTA RATHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(2)

Cuspóir	Príomhghnéithe le measúnú a dhéanamh orthu	Tosca molta ratha
Tacaíocht a thabhairt d'ioncam feirme inmharthana agus d'athléimneacht earnáil na talmhaíochta ar fud an Aontais chun feabhas an tslándáil fhadtéarmach bia agus an éagsúlacht talmhaíochta a fheabhsú, chomh maith le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch na táirgeachta talmhaíochta san Aontas a áirithiú	Ioncam feirme inmharthana Ciallaíonn ioncam feirme inmharthana ioncam atá ní hamháin cobhsaí ach a dháilteear go cothrom freisin.	Tá leibhéal ioncaim talmhaíochta i bhfeirmeacha a fhaigheann tacaíocht ag dul i méid nó tá sé cobhsaí ar a laghad agus tá difríochtaí idir feirmeacha agus le hearnálacha eacnamaíocha eile ag laghdú, agus treochtaí ginearálta an gheilleagair á gcur san áireamh.
	Athléimneacht Le hathléimneacht, cuimsítear tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a bhfuil rioscaí féideartha agus teorainneacha sonracha ag bagairt orthu, rioscaí lena bhféadfaí iallach a chur orthu deireadh a chur le gníomhaíocht talmhaíochta.	Dáiltear tacaíocht ioncaim ar na feirmeoirí is mó atá i ngátar.
Díriú níos fearr ar an margadh agus cur le hiomaíochas feirmeacha, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear béim níos mó ar an taighde, ar an teicneolaíocht agus ar an aistriú digiteach	Díriú níos fearr ar an margadh Ar bhonn chomhardú na trádála agraibhia (allmhairiú-onnmhairiú).	Tá méadú ag teacht ar an trádáil agraibhia.
	Iomaíochas feirme Ar bhonn an chaipitil, an tsaothair agus na táirgiúlachta talún a méadaíodh tríd an nuálaíocht.	Tá an táirgiúlacht ar fheirmeacha a fhaigheann tacaíocht ag dul i méid.
Feabhas a chur ar áit an fheirmeora sa slabhra luacha	Seasamh an fheirmeora sa slabhra bia Feirmeoirí a lánpháirtiú sa slabhra bia agus iad a bheith rannpháirteach i scéimeanna cáilíochta agus i dtáirgeadh orgánach chun breisluach a mhéadú.	Tá sciar na scéimeanna cáilíochta agus an táirgthe orgánaigh den táirgeadh margaithe ag dul i méid. Tá sciar na n-eagraíochtaí tairgeoirí agus na gcineálacha eile eagraíochtaí feirmeoirí a fhaigheann tacaíocht den táirgeadh margaithe ag dul i méid. Tá oll-bhreisluach na bhfeirmeoirí atá in eagraíochtaí táirgeoirí agus sna cineálacha eile eagraíochtaí feirmeoirí nó atá rannpháirteach i scéimeanna cáilíochta agus i dtáirgeadh orgánach ag dul méid.
Rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n-áirítear trí astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú agus ceapadh carbóin a fheabhsú, chomh maith le fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn	Maolú ar an athrú aeráide Ar bhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus ceapadh carbóin.	Tá astaíochtaí GCT sa talmhaíocht ag dul i laghad. Tá ceapadh carbóin orgánaigh na hithreach ag dul i méid nó tá sé á choinneáil ag an leibhéal céanna. Tá cumas táirgthe fuinnimh inathnuaite ag dul i méid.
	Oiriúnú don athrú aeráide Ar bhonn athléimneacht na talmhaíochta i leith an athraithe aeráide.	Tá athléimneacht na talmhaíochta i leith an athraithe aeráide ag dul i méid.
An fhorbairt inbhuanaithe agus bainistiú éifeachtúil ar acmhainní nádúrtha, idir an t-uisce, an ithir agus an t-aer a chothú, lena n-áirítear tríd an spleáchas ar cheimiceáin a laghdú	Acmhainní nádúrtha a bhainistiú go héifeachtúil Ar bhonn cháilíocht agus ar chainníocht na n-acmhainní nádúrtha a chaomhnú nó a fheabhsú trí thruailleáin agus saothrú a laghdú.	Tá astaíochtaí amóinia sa talmhaíocht, sceitheadh cothaitheach agus creimeadh ithreach ag dul i laghad. Tá cothromaíocht cothaitheach ar thalamh talmhaíochta ag dul i bhfeabhas, rud lena laghdófar caillteanais cothaitheach.

Cuspóir	Príomhghnéithe le measúnú a dhéanamh orthu	Tosca molta ratha
		Tá an brú ar thaiscumair uisce nádúrtha ag dul i laghad. Tá úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an baol a bhaineann leo agus úsáid lotnaidicídí níos guaisí ag dul i laghad.
Rannchuidiú le cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú	Cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú Ar bhonn bhithéagsúlacht agus ghnáthóga i dtalamh talmhaíochta nó i limistéir eile a bhfuil tionchar ag cleachtais talmhaíochta nó foraoiseachta orthu.	Tá bithéagsúlacht a bhaineann le talamh talmhaíochta ag dul i bhfeabhas nó tá stop á chur le cailliúint bithéagsúlachta ar a laghad. Tá bithéagsúlacht i limistéir Natura 2000 a bhfuil tionchar ag an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht orthu ag dul i bhfeabhas nó tá stop á chur le cailliúint bithéagsúlachta ar a laghad. Tá an agrai-bhithéagsúlacht ag dul i méid.
	Seirbhísí éiceachórais Ar bhonn gnéithe tírdhreacha a chuireann le seirbhísí éiceachórais trí speicis ábhartha a óstáil (e.g. trí phailniú, trí shrianadh lotnaidí), trí phróisis bhithfhisiciúla (e.g. trí chreimeadh a rialú, cáilíocht an uisce a chothabháil), nó trí luachanna cultúrtha (e.g. luach aeistéitiúil).	Tá treochtaí pailneoirí ag dul i bhfeabhas, nó tá siad cobhsaí ar a laghad. Tá an limistéar atá clúdaithe le gnéithe tírdhreacha i dtalamh talmhaíochta ag dul i méid nó tá sé á choinneáil ag an leibhéal céanna.
Feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua eile a mhealladh agus tacú leo agus forbairt gnó inbhuanaithe a éascú i gceantair thuaithe	Feirmeoirí a athnuachan Bunaithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí nua atá ag bunú agus don leanúnachas.	Tá líon na bhfeirmeoirí óga agus nua ag dul i méid.
	Forbairt gnó Ar bhonn tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe agus d'éagsúlú feirme.	Tá líon na ngnólachtaí tuaithe ag dul i méid.
An fhostaíocht, fás, comhionannas inscne, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht, cuimsiú sóisialta, agus an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn i gceantair thuaithe, lena n-áirítear bithgheilleagar ciorclach san fhoraoiseacht inbhuanaithe	Geilleagar inbhuanaithe tuaithe Ar bhonn an fháis eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn.	Tá geilleagar na gceantar tuaithe ag fás nó tá sé cobhsaí ar a laghad agus tá an bhearna idir limistéir uirbeacha agus thuaithe ag dul i laghad. Tá an ráta fostaíochta i gceantair thuaithe ag dul i bhfeabhas. Tá gnó a bhaineann leis an mbithgheilleagar ag dul i méid. Tá an fhoraoiseacht inbhuanaithe ag dul i méid.
	Forbairt áitiúil Seirbhísí áitiúla agus bonneagar a thabhairt.	Tá seirbhísí agus bonneagair áitiúla ag dul i bhfeabhas.
	Comhionannas inscne agus cuimsiú sóisialta Rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht agus sa gheilleagar, cothromas ioncaim agus laghdú na bochtaineachta a chur chun cinn.	Tá fostaíocht agus rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht ag dul i bhfeabhas. Tá tacaíocht an Phlean Straitéisigh CBT á dáileadh ar bhealach níos cothroime. Tá bochtaineacht na tuaithe ag dul i laghad.

Cuspóir	Príomhghnéithe le measúnú a dhéanamh orthu	Tosca molta ratha
Feabhas a chur ar fhreagairt earnáil talmhaíochta an Aontais do riachtanais bia agus sláinte na sochaí, lena n-áirítear bia cothaitheach, sábháilte ar ardchaighdeán a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe, an cur amú bia a laghdú, chomh maith le feabhas a chur ar leas ainmhithe agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac	Cáilíocht agus sábháilteacht bia Ar bhonn scéimeanna cáilíochta a chothú, leas ainmhithe a chur chun cinn agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac.	Tá luach an táirgthe mhargaithe faoi scéimeanna cáilíochta ag dul i méid. Tá leas ainmhithe ag dul i bhfeabhas agus tá an úsáid a bhaintear as ábhair fhrithmhiocróbacha ag dul i laghad.
An earnáil a nuachóiriú trí eolas, nuálaíocht agus digitiú a chothú agus a chomhroinnt in earnáil na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe, agus tríd an nglacadh atá leo ag feirmeoirí a spreagadh, trí rochtain níos fearr ar thaighde, nuálaíocht, malartú eolais agus oiliúint	An Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) agus an straitéis dhigiteach Bunaithe ar an tacaíocht a thugtar do ghníomhaíochtaí straitéiseacha AKIS, do na hidirghabhálacha a bhaineann le AKIS, agus don straitéis dhigiteach agus a dtionchar ar ghlacadh atá leis an nuálaíocht ag feirmeoirí.	Tá líon na bhfeirmeoirí a ghlacann páirt i gcláir oiliúna agus/nó a bhaineann úsáid as comhairle feirme ag dul i méid. Déanann feirmeoirí athrú ar a gcleachtais feirmeoireachta tar éis dóibh páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna agus/nó leas a bhaint as comhairle feirme. Tríd an bPlean Straitéiseach CBT, tugtar tacaíocht do líon níos mó feirmeoirí i dtaca le teicneolaíocht na feirmeoireachta digití. Tá caiteachas an Phlean Straitéisigh CBT lena dtacaítear le cruthú nuálaíochta agus comhroinnt eolais ag dul i méid.

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LE STRUCHTÚR AGUS LE hINNEACHAR AN PHLEAN MEASTÓIREACHTA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(1)

1. Cuspóirí agus riachtanais

Ráiteas ar chuspóirí an phlean meastóireachta agus riachtanais ghaolmhara na meastóireachta, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí meastóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí, go háirithe chun faisnéis a thabhairt atá riachtanach le haghaidh stiúradh an chláir, chun eolas a dhéanamh don chéad chlárthréimhse bheartais eile, agus chun a áirithiú go mbeidh na sonraí is gá do mheastóireacht an Phlean Straitéisigh CBT ar fáil.

2. Rialachas agus comhordú

Tuairisc ghearr ar na socruithe faireacháin agus meastóireachta maidir leis an bPlean Straitéiseach CBT, ina dtugtar le fios na príomhchomhlachtaí lena mbaineann agus na freagrachtaí atá orthu.

3. Mapáil na bpáirtithe leasmhara

Tuairisc ghairid ar na páirtithe leasmhara ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus ar na riachtanais atá acu maidir le gníomhaíochtaí meastóireachta agus, i gcás inarb ábhartha, fothú acmhainní.

4. Amlíne

Pleanáil tháscach na meastóireachtaí agus na staidéar tacaíochta meastóireachta a bheidh le déanamh le linn an timthrialla clársceidealaithe, chomh maith leis an réasúnaíocht le haghaidh na roghanna a rinneadh, lena n-áirítear:

(a) meastóireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na bPleananna Straitéiseacha CBT le cuspóirí CBT, ar meastóireachtaí iad atá le déanamh agus an Plean Straitéiseach CBT á chur chun feidhme;

(b) i gcás inarb ábhartha, na meastóireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar thopaicí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (e);

(c) tacú le staidéir agus le taighde agus gníomhaíochtaí anailíseacha eile le haghaidh meastóireachtaí.

5. Sonraí agus faisnéis

Tuairisc ghairid ar na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 7(2) lena áirithiú go mbeidh sonraí ar fáil chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, lena n-áirítear sainaithint na bpríomhfhoinsí sonraí a úsáidfear, na socruithe institiúideacha le haghaidh soláthar sonraí agus socruithe um rialú cáilíochta sonraí. Ba cheart a áireamh sa roinn seo freisin bearnaí sonraí a shainaithint chomh maith leis na gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leo, lena n-áirítear córais sonraí a bheith oibríochtúil in am.

6. Cumarsáid agus obair leantach

Tuairisc ar an gcaoi a ndéanfar torthaí na meastóireachta a scaipeadh ar spriocfhaighteoirí, lena n-áirítear tuairisc ar na sásraí a bunaíodh chun obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na meastóireachta agus chun leas a bhaint astu.

7. Acmhainní, tacaíocht theicniúil agus forbairt acmhainní

Tuairisc ar na hacmhainní is gá agus atá tuartha chun an plean meastóireachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear acmhainneacht riaracháin, sonraí, acmhainní airgeadais agus riachtanais TF a thabhairt le fios.

Tuairisc ar chur chun feidhme thacaíocht an chláir dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus (4), lena n-áirítear tacaíocht theicniúil agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní a dhéantar chun a áirithiú gur féidir an plean meastóireachta a chur chun feidhme ina iomláine agus tacaíocht phleanáilte a thabhairt do LAGanna chun na Straitéisí Forbartha Áitiúla a mheas.

IARSCRÍBHINN III

TÁSCAIRÍ TIONCHAIR DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6(5)

Cód táscaire [1]	Ainm an táscaire
I.2	Éagothromaíochtaí ioncaim a laghdú: An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta i gcomparáid leis an ngeilleagar trí chéile
I.3	Éagsúlachtaí in ioncam feirme a laghdú: An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta
I.4	Tacaíocht d'ioncam feirme inmharthana: An t-athrú ar leibhéal an ioncaim talmhaíochta de réir an chineáil feirmeoireachta (i gcomparáid leis an meán sa talmhaíocht)
I.5	Cur leis an gcothromaíocht chríochach: An t-athrú ar an ioncam talmhaíochta i limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha (i gcomparáid leis an meán)
I.10	Cuidiú le maolú an athraithe aeráide: Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht
I.12	Cur leis an bhfuinneamh inbhuanaithe sa talmhaíocht: Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht
I.14	Cáilíocht an aeir a fheabhsú: Astaíochtaí amóinia a thagann as an talmhaíocht
I.15	Cáilíocht an uisce a fheabhsú: An chothromaíocht chomhlán cothaitheach ar thalamh talmhaíochta
I.26	CBT níos cothroime: Tacaíocht CBT a dháileadh

[1] Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

IARSCRÍBHINN IV

RIALACHA MAIDIR LE SONRAÍ IMDHEALAITHE I nDÁIL LE hIDIRGHABHÁLACHA AGUS LE TAIRBHITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9(3) AGUS AIRTEAGAL 10(3)

Sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha a thuairisciú

1. Nuair atá Ballstáit ag tuairisciú sonraí chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (a), den Rialachán seo, urramóidh siad na modhanna ríofa le haghaidh táscairí aschuir agus toraidh a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 agus leis an méid seo a leanas:

   (a) tuairisceofar luach an aschuir arna ghiniúint trí idirghabháil faoi na hathróga ábhartha faireacháin a leagtar amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo;

   (b) tuairisceofar luach an aschuir a ghintear trí idirghabháil freisin faoi na hathróga torthaí, torthaí a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo, le haghaidh na dtáscairí toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a roghnóidh na Ballstáit ina bPlean Straitéiseach CBT ("táscairí torthaí ábhartha");

   (c) tuairisceofar luach an aschuir a chuireann le ríomh uimhreoir na dtáscairí toraidh a thuairisciú ina iomláine ón gcéad íocaíocht (gan réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointe (a), Airteagal 32(5) agus Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2021/2116 a áireamh).

2. Tabharfaidh na Ballstáit an liosta seo a leanas d'athróga faireacháin, liosta de réir na hidirghabhála i gcás gach tairbhí, i gcomhréir le dearadh sonrach na n-idirghabhálacha agus a loighic idirghabhála:

   (a) athróga faireacháin chun faisnéis riaracháin a thuairisciú (M010 go M040)

      (i) M010: cód na gníomhaireachta íocaíochta

      Is sa réimse seo a thugtar cód uathúil na gníomhaireachta íocaíochta. Comhfhreagraíonn sé don roinn nó don chomhlacht tiomnaithe de chuid Ballstáit atá freagrach as bainistiú agus rialú caiteachais ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

      (ii) M020: cód uathúil le haghaidh iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta le haghaidh idirghabhála

      Sa réimse seo tugtar cód uathúil de réir an iarratais ar chabhair i gcás na n-idirghabhálacha atá cumhdaithe ag an gcóras comhtháite agus de réir an éilimh íocaíochta i gcás idirghabhálacha eile;

      (iii) M030: aitheantóir tairbhí uathúil

      Is éard atá sa réimse seo aitheantóir tairbhí uathúil le haghaidh tairbhithe uile an Chomhbheartais Talmhaíochta, arb aitheantóir tairbhí uathúil é a leithdháiltear ar gach iarratasóir ar leibhéal na mBallstát. Ní bheidh aon fhaisnéis phearsanta san aitheantóir uathúil tairbhí. Fanann an t-aitheantóir gan athrú ar feadh na mblianta;

      (iv) M040: cód an bhuiséid

      Sa réimse seo tugtar na chéad 25 dhigit den chód buiséadach, a n-áirítear ann an ainmníocht bhuiséadach, an cineál idirghabhála, earnáil agus fo-earnáil, táscaire aschuir, idirghabháil, aonadmhéid, laghdú ar íocaíocht nó ar ráta ranníocaíochta, agus an bhliain féilire;

   (b) athróga faireacháin chun méideanna arna gcaitheamh a thuairisciú (M050 go M070)

      (i) M050: an méid iomlán arna íoc (cistí AE)

      Sa réimse seo tugtar méid iomlán na tacaíochta ó CERT nó ó CETFT a íoctar in euro ar an éileamh, de réir aonadmhéid;

      (ii) M060: caiteachas poiblí iomlán

      Sa réimse seo tugtar méid iomlán na tacaíochta poiblí arna híoc in euro don éileamh, de réir aonadmhéid lena n-áirítear an ranníocaíocht náisiúnta agus cé is moite den mhaoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 ("maoiniú náisiúnta breise");

(iii) M070: maoiniú náisiúnta breise

Sa réimse seo tugtar méid iomlán an mhaoinithe náisiúnta breise arna íoc in euro as an éileamh;

Tuairisceofar na méideanna dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) in euro roimh smachtbhannaí agus pionóis a chur i bhfeidhm;

(c) athróga faireacháin chun an limistéar incháilithe agus cinntithe a thuairisciú (M080 go M095)

(i) M080: líon heicteár de limistéar incháilithe arna chinneadh roimh na teorainneacha a chur i bhfeidhm, gan an fhoraoiseacht a áireamh

Sa réimse seo tugtar an limistéar incháilithe (gan an fhoraoiseacht a áireamh) ina iomláine arna chinneadh tar éis rialuithe agus roimh theidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha a chur i bhfeidhm;

(ii) M085: líon heicteár de limistéar incháilithe foraoiseachta arna gcinneadh roimh na teorainneacha a chur i bhfeidhm

Sa réimse seo tugtar an limistéar incháilithe (gan an fhoraoiseacht a áireamh) ina iomláine arna chinneadh tar éis rialuithe agus roimh theidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha a chur i bhfeidhm;

(iii) M090: líon heicteár de limistéar incháilithe gan an fhoraoiseacht a áireamh

Maidir le hidirghabhálacha a íoctar i heicteáir, sa réimse seo tugtar limistéar incháilithe (gan an fhoraoiseacht a áireamh) ina iomláine arna chinneadh tar éis rialuithe agus tar éis teidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha a chur i bhfeidhm.

I gcás idirghabhálacha ar thalamh a íoctar in aonaid eile seachas heicteáir, i gcás inarb ábhartha, tugtar ann líon na heicteár (gan an fhoraoiseacht a áireamh) a fhaigheann tacaíocht ó na hidirghabhálacha;

(iv) M095: líon heicteár de limistéar incháilithe foraoiseachta arna gcinneadh roimh na teorainneacha a chur i bhfeidhm

Sa réimse seo tugtar an limistéar incháilithe (gan an fhoraoiseacht a áireamh) ina iomláine arna chinneadh tar éis rialuithe agus roimh theidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha a chur i bhfeidhm.

I gcás idirghabhálacha foraoiseachta a íoctar in aonaid eile seachas heicteáir, i gcás inarb ábhartha, tugtar ann líon na heicteár a fhaigheann tacaíocht ó na hidirghabhálacha;

Tuairisceofar na luachanna aschuir dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) ina n-iomláine i gcónaí. Maidir leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear leis an gcóras comhtháite, tuairisceofar aschuir ina n-iomláine i mbliain N i ndáil leis na hidirghabhálacha a éileofar i mbliain N-2;

(d) athróga faireacháin chun aonaid arna n-íoc a thuairisciú (M100 go M160)

(i) M100: líon heicteár de limistéar incháilithe arna n-íoc

Sa réimse seo tugtar an limistéar arna íoc, go neamhspleách ar chineál an limistéir (i.e. foraoiseacht nó eile);

(ii) M110: líon na gceann ainmhithe arna n-íoc

(iii) M120: líon na n-aonad beostoic arna n-íoc

(iv) M130: líon na n-oibríochtaí arna n-íoc

Sa réimse seo tugtar líon na n-oibríochtaí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (4) de Rialachán (AE) 2021/2115 a fhaigheann tacaíocht ón gcomhbheartas tacaíochta;

(v) M140: líon na bhfeirmeacha a fhaigheann tacaíocht

Sa réimse seo tugtar líon na bhfeirmeacha a fhaigheann tacaíocht ábhartha CBT, nuair a íoctar iad mar chnapshuim;

(vi) M150: líon na gcistí frithpháirteacha arna n-íoc

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi líon na gcistí frithpháirteacha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2021/2115 a chumhdaítear leis an tacaíocht bainistithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 76 den Rialachán sin;

(vii) M160: líon na n-aonad eile arna n-íoc — aonad tomhais

(viii) M161: líon na n-aonad eile arna n-íoc — aschur a ghintear

Sna réimsí faoi phointí (vii) agus (viii), tugtar faisnéis faoi na haschuir arna nginiúint ag idirghabhálacha atá bunaithe ar aonaid tomhais eile, seachas iad siúd a liostaítear i bpointí (i) go (vi). I gcás gach aonaid arna íoc, tuairisceoidh na Ballstáit in dhá réimse dheighilte an t-aonad tomhais (M160) agus an t-aschur arna ghiniúint (M161);

Tuairisceofar luachanna aschuir na n-aonad arna n-íoc tar éis rialuithe agus tar éis na n-uastairseacha dá dtagraítear i bpointí (i) go (viii) a chur i bhfeidhm mar chion den chaiteachas iarbhír arna íoc i ndáil leis an gcaiteachas iomlán a gealladh le haghaidh an aschuir sin sa bhliain airgeadais talmhaíochta lena mbaineann. Sa bhliain airgeadais talmhaíochta ina ndéantar an íocaíocht deiridh, comhfhreagraíonn luach an aschuir don iarmhéid;

(e) athróga faireacháin lena dtuairiscítear cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníoll (M170 go M210)

(i) M170: infheistíocht a bhfuil glanmhéadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh uirthi

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an idirghabháil le hinfheistíocht a bhfuil glanmhéadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh uirthi (lena n-áirítear infheistíochtaí i suiteálacha uiscithe nó i mbonneagar uiscithe nua, agus taiscumar a chruthú nó a leathnú) de bhun Airteagal 74(6) agus (7) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(ii) M180: infheistíocht a bhfuil feabhas ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana mar thoradh uirthi

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an idirghabháil le feabhas a chur ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana nó le cuid d'infrastruchtúr uiscithe de bhun Airteagal 74(4) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(iii) M190: infheistíocht in uisce athshlánaithe a úsáid

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu a bhaineann an idirghabháil le hinfheistíocht in uisce athshlánaithe a úsáid mar sholáthar uisce malartach de bhun Airteagal 74(5) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(iv) M200: infheistíocht i leathanbhanda

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil an idirghabháil dírithe ar rochtain ar leathanbhanda a fheabhsú;

(v) M210: infheistíocht i mbithmheatán

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an idirghabháil le cumas táirgthe suiteáilte le haghaidh bithmheatáin.

3. Tabharfaidh na Ballstáit rannchuidiú na luachanna aschuir le huimhreoir na dtáscairí toraidh ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, agus na hathróga toraidh seo a leanas á n-úsáid:

(a) athróga toraidh R001, R002, R003, R004, R005, R009, R010, R012, R013, R014, R015, R016, R017, R018, R019, R020, R021, R022, R023, R024, R025, R026, R027, R028, R029, R030, R031, R032, R033, R034, R035, R036, R037, R038, R039, R040, R041, R042, R043 agus R044 a fhreagraíonn faoi seach do tháscairí toraidh R.1, R.2, R.3, R4, R.5, R.9, R.10, R.12, R.13, R.14, R.15, R.16, R.17, R.18, R.19, R.20, R.21, R.22, R.23, R.24, R.25, R.26, R.27, R.28, R.29, R.30, R.31, R.32, R.33, R.34, R.35, R.36, R.37, R.38, R.39, R.40, R.41, R.42, R.43 agus R.44.

Sna réimsí seo tugtar luach na n-aschur arna nginiúint ina n-iomláine ag oibríocht chun na táscairí toraidh sonracha a ríomh;

(b) maidir le hathróg toraidh R017, lena gcuirtear le táscaire toraidh R.17 (Talamh foraoisithe), tuairisceoidh na Ballstáit an miondealú chun an táscaire toraidh a ríomh, mar a leanas:

(i) R117: limistéar foraoisithe;

(ii) R217: limistéar athchóirithe;

(iii) R317: limistéar agra-fhoraoiseachta;

(iv) R417: gnéithe tírdhreacha curtha coilltithe

Sna na réimsí faoi phointí (i), (ii) agus (iii), tugtar an limistéar a fhaigheann tacaíocht agus sa réimse sin tugtar an limistéar measta a bhfuil gnéithe tírdhreacha atá curtha coilltithe iarbhír;

(c) maidir le hathróg toraidh R043 lena gcuirtear le táscaire toraidh R.43 (Úsáid fhrithmhiocróbach a theorannú), tuairisceoidh na Ballstáit an miondealú chun an táscaire toraidh de réir speicis a ríomh, mar a leanas:

(i) R143: líon na n-aonad beostoic muc;

(ii) R243: líon na n-aonad beostoic bó;

(iii) R343: líon na n-aonad beostoic éanlaithe clóis;

(iv) R443: líon na n-aonad beostoic caorach agus gabhar;

(v) R543: líon na n-aonad beostoic eile;

(d) maidir le hathróg toraidh R044 lena gcuirtear le táscaire toraidh R.44 (Úsáid fhrithmhiocróbach a theorannú), tuairisceoidh na Ballstáit an miondealú chun an táscaire toraidh de réir speicis a ríomh, mar a leanas:

(i) R144: líon na n-aonad beostoic muc;

(ii) R244: líon na n-aonad beostoic bó;

(iii) R344: líon na n-aonad beostoic éanlaithe clóis;

(iv) R444: líon na n-aonad beostoic caorach agus gabhar;

(v) R544: líon na n-aonad beostoic eile.

Sonraí maidir le tairbhithe a thuairisciú

4. Tabharfaidh na Ballstáit na hathróga faireacháin seo a leanas, i gcomhréir le dearadh sonrach na n-idirghabhálacha agus a loighic idirghabhála:

(a) B010: ID tairbhí uathúil

Sa réimse seo tugtar an t-aitheantóir uathúil tairbhí céanna a úsáidtear le haghaidh na sonraí maidir le hidirghabhálacha in athróg faireacháin M030, dá dtagraítear i bpointe 2(a)(iii), den Iarscríbhinn seo;

(b) B020: inscne

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi inscne an tairbhí.

I gcás inar grúpa daoine nádúrtha, duine dlítheanach nó grúpa daoine dlítheanacha é an tairbhí, tuairisceofar inscne phríomhbhainisteoir nó phríomhbhainisteoirí na feirme. Ciallaíonn an príomhbhainisteoir an duine ag a bhfuil an chumhacht chinnteoireachta i ndáil leis na gníomhaíochtaí talmhaíochta a fheidhmítear ar an bhfeirm agus lena mbaineann na tairbhí agus rioscaí airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.

Féadfaidh na Ballstáit sonraí míniúcháin breise a thabhairt faoi sciar na bhfreagrachtaí bainistíochta a fheidhmítear sa chatagóir inscne;

(c) B030: feirmeoir óg

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi cé acu is feirmeoir óg é an tairbhí, i.e. faoin teorainn aoise arna leagan síos ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT de bhun Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin i gcás na dtairbhithe uile ar daoine nádúrtha iad. I gcás grúpaí daoine nádúrtha nó eintitis dhlítheanacha, ní thabharfar an fhaisnéis ach i gcás na dtairbhithe dá ndeonaítear tacaíocht i leith athnuachan ó ghlúin go glúin faoi Airteagal 30, Airteagal 75(2), pointe (a), agus Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115);

(d) B040: suíomh geografach — bardas

Sa réimse seo tugtar cód Aonad Riaracháin Áitiúil an bhardais ina bhfuil limistéar iomlán an tairbhí nó a fhormhór suite nó ina bhfuil príomhfhoirgneamh an ghabháltais suite;

(e) B050: limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile le sárú acu

Sa réimse seo léirítear cé acu atá nó nach bhfuil an gabháltas suite i limistéar atá faoi shrianta nádúrtha nó srianta sonracha eile dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Déanfar an gabháltas a aicmiú mar ghabháltas atá suite i limistéar atá faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta sonracha eile nuair atá limistéar iomlán an tairbhí nó a fhormhór nó príomhfhoirgneamh an ghabháltais suite i limistéar atá faoi shrianta nádúrtha nó srianta sonracha eile. I gcás ina ndeonaítear tacaíocht do thairbhí faoi Airteagal 71 den Rialachán sin, aicmeofar a ngabháltas mar ghabháltas atá suite i limistéar atá faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta sonracha eile;

(f) B060: limistéar atá i mbaol níotráite

Sa réimse seo léirítear cé acu atá nó nach bhfuil an gabháltas suite i limistéar atá i mbaol níotráite a ainmnítear faoi Threoir 91/676/CEE ón gComhairle ([1]). Déanfar gabháltais a aicmiú mar ghabháltais atá suite i limistéar atá i mbaol níotráite nuair atá limistéar iomlán an tairbhí nó príomhfhoirgneamh an ghabháltais suite i limistéar atá i mbaol níotráite;

([1]) Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

(g) B070: saintréithe shuíomh na feirme i bplean bainistíochta abhantraí

Léirítear sa réimse cé acu atá nó nach bhfuil an gabháltas suite i limistéar a áirítear i bplean bainistíochta abhantraí dá dtagraítear in Airteagal 72(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115. Aicmítear gabháltais atá suite i limistéar a áirítear i bplean bainistíochta abhantraí nuair atá limistéar iomlán an tairbhí nó a fhormhór nó príomhfhoirgneamh an ghabháltais suite i limistéar a áirítear i bplean bainistíochta abhantraí;

(h) B080: Limistéar NATURA 2000

Léirítear sa réimse cé acu atá an gabháltas suite nó nach bhfuil i limistéar Natura 2000 dá dtagraítear in Airteagal 72(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115. Déantar gabháltais a aicmiú mar ghabháltais atá suite i limistéar Natura 2000 nuair atá limistéar iomlán an tairbhí nó a fhormhór nó príomhfhoirgneamh an ghabháltais suite i limistéar Natura 2000.

Féadfaidh na Ballstáit sonraí míniúcháin breise a thabhairt maidir leis an sciar de limistéar an ghabháltais atá suite i limistéar Natura 2000;

(i) B090: Feirmeoireacht Orgánach

Sa réimse seo léirítear cé acu a dhéantar nó nach ndéantar feirmeoireacht orgánach ar an ngabháltas mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ar feirmeoireacht í atá orgánach go páirteach nó nach feirmeoireacht orgánach í.

Déanfar an gabháltas a aicmiú mar ghabháltas ar a ndéantar feirmeoireacht orgánach i gcás ina ndéantar feirmeoireacht orgánach ar an limistéar uile nó a fhormhór agus déanfar an gabháltas a aicmiú mar ghabháltas ar a ndéantar feirmeoireacht orgánach páirteach nuair nach ndéantar feirmeoireacht orgánach ach ar mhionlach de limistéar an tairbhí (> 50 % den limistéar iomlán) nuair nach ndéantar feirmeoireacht orgánach ach amháin ar mhionlach de limistéar an tairbhí (< 50 % den limistéar iomlán);

(j) B100: líon heicteár de thalamh arúil a dearbhaíodh

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár de thalamh arúil mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT de bhun Airteagal 4(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115;

(k) B110: líon heicteár d'fhéarthailte buana a dearbhaíodh

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár de limistéar féarthailte buana mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT de bhun Airteagal 4(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115;

(l) B120: líon na heicteár ar dearbhaíodh barra buana a bheith iontu

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár d'fhéarthailte buana mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT de bhun Airteagal 4(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115;

(m) B130: líon heicteár de limistéir eile atá incháilithe d'íocaíochtaí díreacha

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár nach ndéantar aon ghníomhaíocht talmhaíochta orthu, ach atá fós incháilithe d'íocaíochtaí díreacha de bhun Airteagal 4(4), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(n) B141: GAEC 2 — líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — féarthailte buana

Sa réimse sin tugtar an líon iomlán heicteár d'fhéarthailte buana i mbogach agus tailte portaigh atá faoi réir GAEC 2 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115;

(o) B142: GAEC 2 — líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — talamh arúil

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár de thalamh arúil i mbogach agus i dtailte portaigh atá faoi réir GAEC 2;

(p) B143: GAEC 2 — líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — barra buana

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár de bharra buana i mbogach agus i dtailte portaigh atá faoi réir GAEC 2;

(q) B150: GAEC 8 — líon heicteár a úsáidtear chun an sciar íosta den talamh arúil atá dírithe ar limistéir agus gnéithe neamhtháirgiúla a chomhlíonadh

Sa réimse seo tugtar an líon iomlán heicteár, roimh thosca ualúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, arb éard an líon a úsáidtear chun an sciar íosta de thalamh arúil atá dírithe ar limistéir agus gnéithe neamhtháirgiúla faoi GAEC 8 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a chomhlíonadh. Tabharfaidh na Ballstáit miondealú ar an athróg tairbhí seo mar a leanas:

([2]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

(i) B151: GAEC 8 — líon heicteár de thalamh atá gan chur;

(ii) B152: GAEC 8 — líon heicteár d'fhálta sceach, crann aonair nó grúpaí crann, sraitheanna crann;

(iii) B153: GAEC 8 — líon heicteár d'imill pháirce, paistí nó stráicí maolánacha;

(iv) B154: GAEC 8 — líon heicteár de dhíoga agus srutháin;

(v) B155: GAEC 8 — líon heicteár de locháin bheaga agus de bhogaigh bheaga;

(vi) B156: GAEC 8 — líon heicteár de bhallaí cloiche;

(vii) B157: GAEC 8 — líon heicteár de chairn;

(viii) B158: GAEC 8 — líon heicteár de léibhinn;

(ix) B159: GAEC 8 — líon heicteár de ghnéithe cultúrtha;

(x) B160: GAEC 8 — líon heicteár de limistéir agus de ghnéithe neamhtháirgiúla eile;

(xi) B161: GAEC 8 — líon heicteár de bharra breise a shaothraítear gan táirgí cosanta plandaí a úsáid;

(xii) B162: GAEC 8 — líon heicteár de bharra fosaithe nítrigine a shaothraítear gan táirgí cosanta plandaí a úsáid;

(r) B170: GAEC 9 — líon na heicteár atá faoi réir an toirmisc ar athchóiriú nó ar threabhadh

Sa réimse seo tugtar líon na heicteár atá faoi réir an toirmisc ar fhéarthailte buana a thiontú nó a threabhadh, ar féarthailte buana iad a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i láithreáin de chuid Nature 2000 faoi GAEC 9 mar a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

(i) B171: GAEC 9 — líon heicteár d'fhéarthailte buana i láithreáin Natura 2000;

(ii) B172: GAEC 9 — líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i láithreáin Natura 2000 a chosnaítear faoi GAEC 9 agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith;

(s) B180: líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ar féarthailte buana iad a fhaigheann cosaint faoi raon feidhme GAECanna agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith, i gcás inarb infheidhme.

IARSCRÍBHINN V

RIALACHA MAIDIR LE SONRAÍ FAOI IDIRGHABHÁLACHA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 12(2)

Faisnéis riaracháin agus faisnéis de réir earnála

Maidir le hidirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115, tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis riaracháin agus faisnéis de réir earnála trí bhíthin na bhfoirmeacha seo a leanas:

1. Foirm A.1.

   Baineann an fhoirm sin le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, le hearnáil na beachaireachta, le hearnáil an fhíona, le hearnáil na leannlusanna, le hearnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, agus leis na hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a) go (f) de Rialachán (AE) 2021/2115 faoi seach, earnálacha a dtuairisceoidh na Ballstáit ina leith go bliantúil na tagairtí (hipearnaisc) don reachtaíocht náisiúnta a ghlac na Ballstáit sa bhliain féilire roimhe sin chun idirghabhálacha earnála a chur chun feidhme;

2. Foirm A.2.

   Baineann an fhoirm seo le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na leannlusanna, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnálacha eile. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis mhargaidh seo a leanas go bliantúil:

   (a) liosta d'eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta (TPOnna) agus de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta (TAPOnna) a bhfuil a gceanncheathrú sna Ballstáit;

   (b) méid na gcistí oibriúchtúla formheasta arna roinnt de réir eagraíochtaí táirgeoirí (POnna), comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí (APOnna), TPOnna agus TAPOnna arna miondealú mar a leanas:

      (i) méid iomlán;

      (ii) méid ranníocaíocht airgeadais na heagraíochta;

      (iii) méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas;

   (c) méid an chiste oibríochtúil deiridh arna roinnt de réir POnna, APOnna, TPOnna agus TAPOnna, arna miondealú mar a leanas:

      (i) méid iomlán;

      (ii) méid ranníocaíocht airgeadais na heagraíochta;

      (iii) méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas;

   Tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) (c) don bhliain féilire roimhe sin. Tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) don bhliain féilire reatha;

3. Foirm A.3.

   Baineann an fhoirm seo le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil a dtuairisceoidh na Ballstáit faisnéis mhargaidh ina leith maidir le cúnamh airgeadais náisiúnta do POnna le haghaidh na bliana féilire roimhe sin, mar seo a leanas:

   (a) an méid iarbhír a íocadh (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

   (b) liosta de na réigiúin is tairbhithe;

4. Foirm A.4.

   Baineann an fhoirm seo leis an bhfaisnéis a thuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil in earnáil na beachaireachta:

   ríomhfar líon iomlán na gcoirceog beach atá réidh le geimhriú i gcríoch na mBallstát idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig i gcomhréir le modh iontaofa bunaithe a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha CBT;

5. Foirm A.5.

   Baineann an fhoirm seo le faisnéis mhargaidh eile a tuairisceoidh na Ballstáit gach 2 bhliain in earnáil na beachaireachta, lena gcumhdófar an bhliain féilire roimh an bhfógra ina leith:

   (a) líon na mbeachairí;

   (b) líon na mbeachairí a bhainistíonn líon is mó ná 150 coirceog beach;

(c) líon iomlán na gcoirceog beach arna mbainistiú ag beachairí a bhfuil líon is mó ná 150 coirceog beach acu;

(d) líon na mbeachairí a eagraítear i gcomhlachais beachairí;

(e) raon na bpraghsanna in euro le haghaidh mil ilbhláthach ag an láithreán táirgthe;

(f) raon na bpraghsanna in euro ar mhil ilbhláthach i mbulc ag mórdhíoltóirí;

(g) an meánchostas táirgthe measta in euro (seasta agus athraitheach) de réir an chileagraim meala a tháirgtear;

6. Foirm A.6.

Baineann an fhoirm seo le faisnéis mhargaidh eile a tuairisceoidh na Ballstáit gach 2 bhliain in earnáil na beachaireachta, le haghaidh an 2 bhliain féilire roimh an bhfógra ina leith:

(a) táirgeadh náisiúnta meala bliantúil i gcileagraim;

(b) an mheántáirgeacht bhliantúil mheasta i gcileagraim meala de réir na coirceoige beach;

7. Foirm A.7.

Baineann an fhoirm seo leis na hearnálacha eile, earnálacha a dtuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis mhargaidh seo a leanas ina leith gach bliain le haghaidh na bliana féilire roimhe sin:

(a) i gcás earnálacha na mbarr: limistéar iomlán (i heicteáir) arna chumhdach agus/nó toirt (i dtonaí) arna táirgeadh ag POnna, APOnna, TPOnna agus TAPOnna;

(b) i gcás earnálacha beostoic: líon iomlán na n-ainmhithe agus/nó toirt (i dtonaí) arna táirgeadh ag POnna, APOnna, TPOnna agus TAPOnna.

Faisnéis a bhaineann le caiteachas

Maidir le hidirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115, tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann le caiteachas trí bhíthin na bhfoirmeacha seo a leanas:

8. Foirm B.1.

Baineann an fhoirm sin le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, le hearnáil na leannlusanna, le hearnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, agus leis na hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), agus (d) go (f) de Rialachán (AE) 2021/2115, earnálacha a dtuairisceoidh na Ballstáit ina leith go bliantúil an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an mbliain airgeadais talmhaíochta roimhe sin agus í miondealaithe de réir earnála:

(a) caiteachas (in euro nó in airgeadra náisiúnta) de chuid POnna, APOnna, TPOnna agus TAPOnna, de réir na hidirghabhála agus de réir an chuspóra dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (a) go (k), den Rialachán sin;

(b) costais riaracháin agus phearsanra (in euro nó in airgeadra náisiúnta) ag POnna, APOnna, TPOnna agus TAPOnna;

(c) i gcás tarraingt siar ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce agus cinn scríbe eile, miondealaithe de réir táirge:

(i) méid bliantúil iomlán (i dtonaí), arna miondealú mar a leanas:

(1) dáileadh saor in aisce;

(2) múiríniú;

(3) tionscal próiseála;

(4) cinn scríbe eile;

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(iii) méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas (in euro nó san airgeadra náisiúnta);

(d) limistéar iomlán (i heicteáir) de réir na hidirghabhála, arna mhiondealú mar a leanas:

(i) infheistíochtaí in uisciú a bhfuil glanmhéadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh orthu;

(ii) úlloird nó garráin olóige a athphlandú;

(iii) glasbhuaint;

(iv) gan bhuaint;

(v) táirgeadh orgánach;

(vi) táirgeadh comhtháite;

(vii) úsáid agus bainistiú ceart uisce a fheabhsú;

(viii) feabhas a chur ar chaomhnú ithreach;

(ix) gnáthóga atá fabhrach don bhithéagsúlacht a chruthú agus a chothabháil;

(e) céatadáin le haghaidh spriocanna íoschoigilte uisce le haghaidh infheistíochtaí;

(f) líon na dtionscadal fuinnimh a cuireadh chun feidhme;

(g) céatadán agus toirt na húsáide uisce athshlánaithe;

(h) líon na n-idirghabhálacha cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta de réir an chuspóra dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (h) agus (i), den Rialachán sin;

9. Foirm B.2.

Baineann an fhoirm seo le hearnáil na beachaireachta a dtuairisceoidh na Ballstáit ina leith go bliantúil an caiteachas poiblí iomlán a tabhaíodh (in euro nó san airgeadra náisiúnta) le linn na bliana airgeadais talmhaíochta, arna mhiondealú de réir idirghabhála;

10. Foirm B.3.

Baineann an fhoirm seo le hearnáil an fhíona, a dtuairisceoidh na Ballstáit ina leith go bliantúil an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an mbliain airgeadais talmhaíochta roimhe sin:

(a) le haghaidh fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú agus le haghaidh buainte:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas;

(ii) caiteachas iomlán na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) líon na n-oibríochtaí;

(b) le haghaidh infheistíochtaí i bhfiontair, infheistíochtaí i bhfiontair i réigiúin chóineasaithe, infheistíochtaí i bhfiontair i réigiúin eile seachas réigiúin chóineasaithe, infheistíochtaí i bhfiontair sna réigiúin is forimeallaí agus infheistíocht i bhfiontair i réigiúin bheaga Aeigéacha:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(c) le haghaidh árachas buainte:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) líon na bpolasaithe árachais maoinithe;

(d) le haghaidh nuálaíochta:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(e) le haghaidh driogadh fotháirgí:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) líon na dtairbhithe (drioglanna);

(iii) moirt (raon na tacaíochta uasta);

(iv) marcanna (raon na tacaíochta uasta);

(v) cainníocht na moirte driogtha;

(vi) cainníocht na marcanna driogtha;

(vii) milliún heictilítear alcóil a fhaightear;

(f) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirchraoibhe arna aithint ag na Ballstáit in earnáil an fhíona i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus arb é is aidhm leo clú fhíonghoirt an Aontais a fheabhsú trí thurasóireacht fíona a chur chun cinn i réigiúin táirgthe:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) líon na n-oibríochtaí;

(g) gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirchraoibhe arna aithint ag na Ballstáit in earnáil an fhíona i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus arb é is aidhm leo eolas ar an margadh a fheabhsú:

(i) Cúnamh airgeadais ón Aontas (in euro nó in airgeadra náisiúnta);

(ii) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe;

(iii) líon na dtairbhithe;

(iv) líon na n-oibríochtaí;

(h) le haghaidh faisnéise sna Ballstáit agus cur chun cinn agus cumarsáid i dtríú tíortha:

(i) líon na dtairbhithe;

(ii) líon na n-oibríochtaí;

(iii) de réir gach gníomhaíochta faisnéise nó cur chun cinn:

(1) tairbhithe;

(2) bearta incháilithe;

(3) tuairisc;

(4) spriocmhargadh;

(5) tréimhse;

(6) caiteachas iomlán (in euro nó in airgeadra náisiúnta) na dtairbhithe:

— Cúnamh airgeadais ón Aontas faoi idirghabhálacha earnála;

— Cúnamh airgeadais ón Aontas faoi thacaíocht eile;

— Státchabhair;

— caiteachas tairbhithe.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

IARSCRÍBHINN VI

RIALACHA MAIDIR LE SONRAÍ I nDÁIL LEIS AN gCOMHPHÁIRTÍOCHT EORPACH NUÁLAÍOCHTA UM THÁIRGIÚLACHT AGUS INBHUAINE TALMHAÍOCHTA (CEN) DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13(2)

Sonraí éigeantacha

1. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí éigeantacha seo a leanas maidir le grúpaí oibríochtúla CEN:

(a) teideal an tionscadail: gearrtheideal an tionscadail sa teanga dhúchais;

(b) teideal an tionscadail i mBéarla: gearrtheideal an tionscadail i mBéarla;

(c) eagarthóir an téacs: ainm an duine nó an chomhlachta atá freagrach as an bhfaisnéis atá ionchódaithe sa chóras leictreonach le haghaidh slánmhalartú faisnéise a dhréachtú, dá ngairtear "SFC2021" anseo feasta;

(d) comhordaitheoir tionscadail: ainm, seoladh, ríomhphost agus teileafón an duine atá freagrach as bainistiú an tionscadail i gcomhréir leis an gcomhaontú comhair nó cur síos ar an tionscadal;

(e) comhpháirtí(í) an tionscadail: ainm, seoladh, r-phost, teileafón agus cineál an chomhpháirtí/na gcomhpháirtithe;

(f) "achoimre ar an gcleachtas" sa teanga dúchais ina mbeidh an méid seo a leanas:

(i) cuspóir an tionscadail ina dtabharfar tuairisc ar na fadhbanna agus/nó na deiseanna a dtugtar aghaidh orthu sa tionscadal;

(ii) achoimre ghearr ar na torthaí (na torthaí a bhfuiltear ag súil leo nó na torthaí deiridh). Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a bheith san achoimre sin, i dteanga atá éasca le tuiscint agus atá dírithe ar chleachtóirí agus ar úsáideoirí deiridh thorthaí na dtionscadal:

(1) príomhthorthaí an tionscadail (na torthaí a bhfuiltear ag súil leo nó na torthaí deiridh);

(2) an príomh-mholadh/na príomh-mholtaí praiticiúla;

(g) "achoimre ar an gcleachtas i mBéarla: aistriúchán ar an "achoimre ar an gcleachtas" i mBéarla;

(h) catagóir na n-eochairfhocal: eochairfhocail is infheidhme maidir leis an tionscadal a roghnaítear ó liosta réamhshainithe catagóirí, eochairfhocail a leagtar amach in SFC2021;

(i) stádas tionscadail: stádas an tionscadail: leanúnach (tar éis an roghnúcháin) nó críochnaithe;

(j) foinse nó foinsí maoiniúcháin breise: foinse cistiúcháin bhreise seachas tacaíocht CEN faoi CBT, amhail Fís 2020 a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], más ann dó;

(k) tréimhse an tionscadail: dáta tosaithe agus an dáta deiridh an tionscadail;

(l) suíomh geografach: Réigiún NUTS 3 ina ndéantar na príomhghníomhaíochtaí tionscadail;

(m) rannchuidiú an tionscadail le cuspóirí sonracha CBT: cuspóir sonrach nó cuspóirí sonracha CBT dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2115 lena rannchuideoidh an tionscadal;

(n) grúpaí oibríochtúla trasteorann/trasnáisiúnta:

(i) cé acu is tionscadal trasteorann agus/nó trasnáisiúnta é;

(ii) an Ballstát/réigiún a dhéanann an tionscadal a chomhordú agus a ionchódú in SFC2021;

(iii) an Ballstát nó na Ballstáit/na Ballstáit/na réigiúin ar cuid é nó iad den tionscadal (ag baint úsáide as cód NUTS 3);

(iv) buiséad de réir an Bhallstáit/na mBallstát/na réigiún nó na réigiún atá mar chuid den tionscadal, i gcaiteachas poiblí, ina ndéantar achoimre ar na ranníocaíochtaí uile (CETFT, cómhaoiniú náisiúnta agus maoiniú náisiúnta breise más infheidhme);

(o) tuarascáil deiridh: tuairisc chuimsitheach ar thorthaí an tionscadail tar éis é a chur i gcrích;

(p) buiséad iomlán: ranníocaíochtaí iomlána an tionscadail (CETFT, cómhaoiniú náisiúnta agus maoiniú náisiúnta breise más infheidhme);

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

(q) rannchuidiú an tionscadail le straitéisí an Aontais: cuspóir nó cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" ([2]), straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais ([3]), an straitéis Foraoiseachta ([4]) agus straitéis an Aontais maidir le haistrithe carbóin ([5]) ar dócha go rannchuideoidh an tionscadal leo, iad le roghnú ón liosta seo a leanas:

(i) aeráidneodracht a bhaint amach;

(ii) úsáid lotnaidicídí ceimiceacha – agus an riosca uathu – a laghdú;

(iii) feirmeoireacht orgánach agus/nó dobharshaothrú orgánach a chothú;

(iv) úsáid an ábhair fhrithmhiocróbaigh le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe agus sa dobharshaothrú a laghdú;

(v) caillteanais cothaitheach agus úsáid leasachán a laghdú, agus torthúlacht ithreach á cothabháil ag an am céanna;

(vi) feabhas a chur ar bhainistiú na n-acmhainní nádúrtha a úsáidtear sa talmhaíocht, amhail an t-uisce, an ithir agus an t-aer;

(vii) an bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chosaint agus/nó a athbhunú laistigh de chórais talmhaíochta agus foraoise;

(viii) limistéar talmhaíochta a thabhairt ar ais faoi ghnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta;

(ix) rochtain ar idirlíon leathanbhanda tapa a éascú i gceantair thuaithe;

(x) feabhas a chur ar leas ainmhithe;

(xi) foraoisiú agus athfhoraoisiú atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a chothú.

Sonraí molta

2. Moltar go láidir do na Ballstáit na sonraí molta seo a leanas maidir le grúpaí oibríochtúla CEN a thuairisciú:

(a) ábhar closamhairc: ábhar ón tionscadal a forbraíodh do chleachtóirí agus d'úsáideoirí deiridh nó do thorthaí tionscadail (lena n-áirítear físeáin, grianghraif, podchraoltaí, etc.);

(b) suíomh gréasáin an tionscadail: URL an tsuímh gréasáin/na suíomhanna gréasáin;

(c) láithreán gréasáin eile (nó suíomhanna gréasáin eile): URL an tsuímh gréasáin/na suíomhanna gréasáin ar a ndéanfar an fhaisnéis faoi thorthaí an tionscadail a óstáil tar éis dheireadh an tionscadail freisin;

(d) cur síos ar ghníomhaíochtaí an tionscadail sa teanga dhúchais: achoimre ghearr ar phríomhghníomhaíochtaí an tionscadail;

(e) cur síos ar ghníomhaíochtaí tionscadail i mBéarla: achoimre ghearr ina leagtar béim ar na príomhghníomhaíochtaí tionscadail.

Sonraí roghnacha

3. Féadfaidh na Ballstáit na sonraí roghnacha seo a leanas maidir le grúpaí oibríochtúla CEN a thuairisciú:

(a) réimsí breise le haghaidh achoimrí breise ar an gcleachtas sa teanga dhúchais;

(b) réimsí breise le haghaidh achoimrí breise ar an gcleachtas i mBéarla;

(c) cur síos ar chomhthéacs an tionscadail: saorthéacs chun cur síos a dhéanamh ar na nithe is cúis leis an tionscadal, amhail reachtaíocht, margaí nó cúiseanna eile;

(d) eolas breise faoin tionscadal: saorthéacs ina gcuirtear sonraí ar fáil de réir mar a cheanglaítear le treoir shonrach ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach, amhail chun críocha faireacháin;

(e) barúlacha breise: saorthéacs chun eilimintí nó bacainní cumasúcháin i gcur chun feidhme tionscadal a liostú, moltaí maidir le gníomhaíochtaí/grúpaí oibríochtúla/taighde amach anseo, teachtaireachtaí do thomhaltóirí, etc.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal "A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system" [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol].

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal "Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol".

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar teideal "New EU Forest Strategy for 2030" [Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh go dtí 2030].

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 dar teideal "Sustainable Carbon Cycles" [Timthriallta Inbhuanaithe Carbóin].

IARSCRÍBHINN VII

RIALACHA MAIDIR LE SONRAÍ FAOI LAG AGUS A nGNÍOMHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE LEADER DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 14(2)

Sonraí a bhaineann le Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Tuairisceoidh na Ballstáit faoin 30 Aibreán den bhliain N na hathróga a leagtar amach i bpointí (a) go (g), de réir an LAG, do na LAGanna a roghnófar faoin 31 Nollaig de bhliain N-1. Baineann na sonraí le staid na LAGanna tráth an roghnúcháin agus ní thuairiscítear iad ach aon uair amháin.

(a) L100: LAG (ID) a shainaithint

Is sa réimse seo a thugtar cód uathúil gach LAG;

(b) L200: Ainm an LAG

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi ainm an ghrúpa gníomhaíochta áitiúil;

(c) L300: cóid an bhardais

Sa réimse seo tá liosta de chód Aonad Riaracháin Áitiúil na mbardas laistigh de limistéar na LAGanna. Is féidir níos mó ná cód amháin a roghnú;

(d) L400: daonra iomlán

Sa réimse tugtar faisnéis faoin daonra laistigh de limistéar na LAGanna. Agus an athróg sin á ríomh, leanfar modh ríofa an táscaire toraidh R.38 "cumhdach LEADER" a leagtar amach i bpointe 8(j) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290;

(e) L500: tacaíocht ó LAG ó níos mó ná Ciste amháin de bhun Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2021/1060

Sa réimse seo léirítear cé acu atá ná nach bhfuil Cistí eile seachas an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ag tacú leis an LAG.

Más "tá" luach L500, tabharfaidh an LAG na hathróga seo a leanas:

(i) L501: tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a úsáid: cé acu atá nó nach bhfuil tacaíocht á fáil ag an LAG faoi CFRE;

(ii) L502: tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a úsáid: cé acu atá nó nach bhfuil tacaíocht á fáil ag an LAG faoi CSE+;

(iii) L503: an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF): cé acu atá nó nach bhfuil tacaíocht á fáil ag an LAG faoi CFRE;

(iv) L504: úsáid Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) eile (e.g. an Ciste um Aistriú Cóir);

(f) L600: líon iomlán comhaltaí an LAG

Sa réimse seo tugtar faisnéis faoi líon iomlán comhaltaí an LAG dá dtagraítear in Airteagal 31(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/1060. Tuairisceoidh na Ballstáit líon comhaltaí an LAG agus iad miondealaithe de réir chineál na heagraíochta, mar seo a leanas:

(i) L601: líon comhaltaí an LAG a dhéanann ionadaíocht ar riaracháin phoiblí;

(ii) L602: líon comhaltaí an LAG arb ionadaithe iad thar cheann leasanna eacnamaíocha áitiúla príobháideacha (e. g. eagraíochtaí eacnamaíocha, gnólachtaí áitiúla, etc.);

(iii) L603: líon comhaltaí an LAG arb ionadaithe iad thar cheann leasanna áitiúla sóisialta (e.g. eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais áitiúla, etc.);

(iv) L604: líon comhaltaí an LAG a thagann faoi chatagóirí eile seachas na catagóirí a liostaítear i bpointí (i), (ii) agus (iii);

(g) L610: líon iomlán comhaltaí an LAG i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG

Tuairisceoidh na Ballstáit líon comhaltaí an LAG sa chomhlacht cinnteoireachta de réir an chineáil eagraíochta, mar seo a leanas:

(i) L611: líon comhaltaí comhlacht cinnteoireachta an LAG a dhéanann ionadaíocht thar cheann riarachán poiblí;

(ii) L612: líon comhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG arb ionadaithe iad ar leasanna eacnamaíocha áitiúla príobháideacha (e.g. eagraíochtaí eacnamaíocha, gnólachtaí áitiúla, etc.);

(iii) L613: líon comhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG arb ionadaithe iad thar cheann leasanna áitiúla sóisialta (e.g. eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais áitiúla, etc.);

(iv) L614: líon comhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG a thagann faoi chatagóirí eile seachas na cinn a liostaítear i bpointí (i), (ii) agus (iii);

inscne na gcomhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG

Tuairisceoidh na Ballstáit líon na gcomhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta na nGrúpaí Comhairleacha Áitiúla a thuairisciú de réir inscne (L615 go L618);

Aois na gcomhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG

Tuairisceoidh na Ballstáit líon na gcomhaltaí i gcomhlacht cinnteoireachta na nGrúpaí Comhairleacha Áitiúla a thuairisciú de réir aoise, mar seo a leanas:

(v) L619: líon na ndaoine óga i gcomhlacht cinnteoireachta an LAG

Tá feidhm ag an réimse seo maidir le daoine atá faoi bhun aoisteorainn áirithe mar atá sainithe ag na Ballstáit;

(vi) L620: teorainn aoise arna sainiú ag an mBallstát le haghaidh na hathróige dá dtagraítear i bpointe (v).

Sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí an LAG

2. Tuairisceoidh na Ballstáit de réir an LAG liosta na n-athróg maidir le gníomhaíochtaí LAG a leagtar amach i bpointí (a) go (d), in 2026 agus 2030, de réir na chéad íocaíochta le hoibríocht ar leith. Baineann an tuarascáil i mbliain N le gach oibríocht a íocadh go dtí an 15 Deireadh Fómhair N-1. Baineann na hathróga sin le líon na n-oibríochtaí a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 34(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/1060.

(a) L100: LAG (ID) a shainaithint

(b) L700: líon iomlán na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag an LAG

Sa réimse seo tugtar líon iomlán na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag an LAG, gan comhaireamh dúbailte. Tuairisceoidh na Ballstáit líon na n-oibríochtaí de réir chineál an tsoláthróra, mar seo a leanas:

(i) L701: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag daoine aonair nó ag gnólachtaí príobháideacha;

(ii) L702: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag riaracháin phoiblí;

(iii) L703: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag ionadaithe ar leasanna príobháideacha eacnamaíocha áitiúla (e.g. comhlachais ghnó, comhlachas tráchtála, etc.);

(iv) L704: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag ionadaithe leasanna sóisialta áitiúla (e.g. eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais áitiúla, etc.);

(v) L705: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí taighde;

(vi) L706: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme go comhpháirteach ag roinnt cineálacha tionscnóirí;

(vii) L707: líon na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag tionscnóirí a thagann faoi chatagóirí eile seachas na catagóirí a liostaítear i bpointí (i) go (vi);

Tuairisceoidh na Ballstáit líon na n-oibríochtaí comhair idir-réigiúnacha nó trasnáisiúnta mar seo a leanas:

(viii) L708: líon na dtionscadal comhair idir-réigiúnaigh arna gcur chun feidhme ag an LAG;

(ix) L709: líon na dtionscadal comhair thrasnáisiúnta arna gcur chun feidhme ag an LAG;

(c) L710: líon na n-oibríochtaí atá nuálach sa chomhthéacs áitiúil

Tuairisceoidh na Ballstáit oibríochtaí atá nuálach sa chomhthéacs áitiúil mar a leagtar amach in Airteagal 31(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/1060.

Saineoidh na Ballstáit, na húdaráis réigiúnacha nó an LAG an téarma "nuálaíoch sa chomhthéacs áitiúil";

(d) Oibríochtaí de réir cuspóra/limistéir

Léirítear sa réimse seo na cuspóirí/réimsí éagsúla lena mbaineann oibríocht ar leith, mar seo a leanas:

(i) L801: líon na n-oibríochtaí a bhaineann le haistriú eolais, lena n-áirítear comhairle, oiliúint agus malartú eolais maidir le feidhmíocht inbhuanaithe, eacnamaíoch, shóisialta, chomhshaoil agus feidhmíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid;

(ii) L802: líon na n-oibríochtaí a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí, margaí áitiúla, slabhraí soláthair gairide agus scéimeanna cáilíochta, lena n-áirítear tacaíocht infheistíochta, gníomhaíochtaí margaíochta, etc.;

(iii) L803: líon na n-oibríochtaí a bhaineann le hacmhainneachtaí táirgthe fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear acmhainní bithbhunaithe;

(iv) L804: líon na n-oibríochtaí lena gcuirtear le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil, agus le maolú ar an athrú aeráide agus spriocanna oiriúnaithe i limistéir thuaithe a bhaint amach;

(v) L805: líon na n-oibríochtaí lena gcruthaítear poist;

(vi) L806: líon na n-oibríochtaí lena dtacaítear le gnólachtaí tuaithe, lena n-áirítear an bithgheilleagar;

(vii) L807: líon na n-oibríochtaí a bhaineann le straitéisí sráidbhailte cliste;

(viii) L808: líon na n-oibríochtaí lena gcuirtear feabhas ar rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar, lena n-áirítear leathanbhanda;

(ix) L809: líon na n-oibríochtaí i réimse an chuimsithe shóisialta;

(x) L810: líon na n-oibríochtaí a thagann faoi chatagóirí eile seachas na cinn a liostaítear i bpointí (i) go (ix).

Sonraí a bhaineann le maoiniú an LAG

3. Tuairisceoidh na Ballstáit na hathróga a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) maidir le maoiniú LAG in 2026 agus 2030. Baineann an tuarascáil i mbliain N le gach oibríocht a íocadh go dtí an 15 Deireadh Fómhair N-1.

(a) L900: buiséad iomlán an Aontais faoi CETFT pleanáilte, de réir na straitéise forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail (LDS)

(b) L910: an méid iomlán ó CETFT a gealladh chun tacú le cur chun feidhme oibríochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair agus ullmhúchán, arna roghnú faoin LDS

(c) L920: méid iomlán na ranníocaíochta ón Aontas arna íoc ó CETFT de réir an LDS

Tuairisceoidh na Ballstáit ranníocaíocht an Aontais arna híoc ó CETFT arna miondealú de réir gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 34(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/1060:

(i) L921: an méid iomlán ó CETFT arna íoc i gcomhair fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a thacaíonn le dearadh agus le cur chun feidhme LDS amach anseo;

(ii) L922: an méid iomlán ó CETFT a íocadh chun oibríocht a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair agus ullmhúchán, arna roghnú faoin LDS;

(iii) L923: bainistiú, faireachán agus meastóireacht ar an straitéis agus í a bheochan, lena n-áirítear malartuithe idir geallsealbhóirí a éascú.

Rannchuidiú le táscairí toraidh

4. Tuairisceoidh na Ballstáit in 2026 agus 2030 faisnéis ón LAG maidir le rannchuidiú LDS le gach táscaire toraidh ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 arna roghnú ina bPlean Straitéiseach CBT tar éis LDS a roghnú. Baineann an tuarascáil i mbliain N le gach oibríocht a íocadh go dtí an 15 Deireadh Fómhair bhliain N-1.